

HÓISÉ

Teideal

1 Briathar an Tiarna a labhraíodh le Hóisé, mac Bhéirí, in aimsir Uizíá agus Iótám agus Áchaz agus Hiziciá, ríthe Iúdá, agus in aimsir Iarobám, mac Ióáis, rí Iosrael.

Pósadh Hóisé

Ainmneacha Fáthchiallacha

²Tosach na mbriathra a labhair an Tiarna trí Hóisé: Dúirt an Tiarna le Hóisé: “Imigh leat, gabh chugat striapach mná agus bíodh clann striapaí agat, mar níl teorainn leis an striapachas a dhéanann an tír ó d’iompáigh sí ón Tiarna.” ³D’imigh sé leis mar sin agus phós Goimir, iníon Dhiobláim, agus ghabh sise gin agus rug mac dó. ⁴“Tabhair Izréil mar ainm air,” arsa an Tiarna leis ansin, “mar i gceann tamaillín eile imreoidh mé díoltas ar theaghlach Iéahú in éiric fhuil Izréil agus cuirfidh mé deireadh le réimeas theaghlach Iosrael. ⁵Is i nGleann Izréil a bhrisfidh mé cumhacht Iosrael an lá sin.”

⁶Gabh sí gin arís agus rug iníon. “Tabhair Neamh-Mhuirneach mar ainm uirthi,” ar seisean leis, “mar ní díol trócaire liom teaghlach Iosrael a thuilleadh; ní hea, is amhlaidh a bheidh dearg-ghráin agam orthu feasta. ⁷(Déanfaidh mé trócaire áfach ar theaghlach Iúdá agus sábhálfaidh mé iad, óir is mise an Tiarna a nDia; ach ní le bogha ná le claíomh ná le



bua catha a shábhálfaidh mé iad, ná le capaill ná le marcaigh ach an oiread).”

⁸Nuair a bhí Neamh-Mhuirneach bainte den chóch aici, ghabh sí gin arís agus rug mac. ⁹“Tabhair Coimhthíoch mar ainm air,” ar seisean ansin, “mar ní sibhse mo phobal, agus i dtaca libhse de, níl mise ann chor ar bith.”

An Slánú atá le Teacht

2 [Ní lia gaineamh na mara nach féidir a thomhas ná a chomhaireamh ná an chlann a bheidh fós ag Iosrael.

Mar san áit ar gairmeadh Coimhthíoch díobh,
glaofar orthu clann mhac Dé bheo.

²Baileofar clann Iúdá agus clann Iosrael le chéile
agus ceapfaidh siad aon cheann urra amháin dóibh féin
agus tiocfaidh siad i seilbh na tíre arís,
óir is lá mór a bheidh ann lá Izréil.

³Abraigí mar sin le bhur ndeartháireacha: “A phobal liom,
agus le bhur ndeirfiúiracha: “A mhuirnín.”]

Mídhílse Iosrael

⁴Cúisigí bhur máthair, cúisigí í!

Mar ní hí mo bhean chéile í a thuilleadh,
ná ní mó is mise a fear.

Tógadh sí comharthaí a striapachais óna haghaidh,



- agus suaitheantais a hadhaltranais ó lár a cíoch,
5 nó mura ndéanfaidh, bainfidh mé a cuid éadaigh go léir di
agus fágfaidh mé í mar a bhí sí an lá a rugadh í,
agus déanfaidh mé fásach di,
agus beidh sí ina talamh tirim,
agus maróidh mé í le tart.
- 6 Ní bheidh trua agam dá clann,
mar is clann striapachais iad.
- 7 Óir rinne a máthair striapachas;
an bhean a ghabh iad, náirigh sí í féin.
“Rachaidh mé ar thóir mo leannán,” ar sise,
“a thugann dom m’arán agus m’uisce,
m’olann agus mo líon, m’ola agus mo chuid dí.”
- 8 Ar an ábhar sin dúnfaidh mé an bóthar uirthi le sceacha,
agus tógfaidh mé balla le nach n-aimseoidh sí an tslí.
- 9 Rithfidh sí ar thóir a leannán,
ach ní thiocfaidh sí suas leo;
lorgóidh sí iad ach ní bhfaighidh.
Déarfaidh sí ansin: “Fillfidh mé ar ais arís ar mo chéad fhear,
mar is fearr a bhí mé as an uair úd ná mar atá mé anois.”
- 10 Níor aithin sí gur mise a thug di
an t-arbhar agus an t-úrfhíon agus an ola nua,



agus a bhronn uirthi an fhlúirse airgid agus óir,
as a ndearna siad Bálaím.

- ¹¹ Ar an ábhar sin, tógfaidh mé ar ais arís
m'arbhar ina ionú agus m'úrfhíon ina thráth;
bainfidh mé di m'olann agus mo líon,
a gclúdaíodh sí a nochtacht leo.
- ¹² Ansin nochtfaidh mé a náire faoi shúile a leannán,
agus ní fhuasclóidh aon duine í ó mo láimh.
- ¹³ Cuirfidh mé críoch lena lúcháir go hiomlán,
lena féilte agus lena réanna nua,
lena sabóidí agus lena tionóil shollúnta go léir
- ¹⁴ Scriosfaidh mé a fíniúna agus a crainn fíigí, a ndúirt sí fúthu:
“Is iad seo an díolaíocht a thug mo leannán dom.”
Déanfaidh mise mothar díobh,
agus ní bheidh iontu ach bia beithíoch.
- ¹⁵ Cúiteoidh mé léi na féilte,
ar a ndódh sí tuis in onóir na mBálaím
agus ar a maisíodh sí í féin lena fáinne agus lena muince brád,
chun dul ar thóir a leannán,
agus mise dearmadta aici ar fad!
– an Tiarna a labhraíonn.



Ré Aithrí

- ¹⁶ Ar an ábhar sin déanfaidh mé féin í a mhealladh,
agus a threorú isteach san fhásach,
chun labhairt léi go muirneach.
- ¹⁷ Bronnfaidh mé uirthi thíos ansin na fíonghoirt a bhíodh aici,
agus déanfaidh mé doras dóchais di de ghleann Ácór.
Éistfidh sí liom ansin mar a rinne le linn a hóige,
nuair a tháinig sí aníos ó chríocha na hÉigipte.

Conradh Nua Slánaithe

- ¹⁸ An lá sin – an Tiarna a labhraíonn –
is é “a fhir liom” a thabharfaidh tú orm;
choíche arís ní ghairfidh tú díom “a Bhál”.
- ¹⁹ Glanfaidh mé ainmneacha na mBálaím dá béal,
agus ní luafar a n-ainmneacha arís go deo.
- ²⁰ An lá sin déanfaidh mé conradh thar do cheann,
le beithígh an mhachaire agus le héanlaith an aeir,
agus le péisteanna na talún.
Brisfidh mé bogha agus claíomh agus gléas cogaidh,
agus scuabfaidh mé iad as an tír,



chun go gcodlóidh tú go suaimhneach sámh.

²¹ Snaidhmfidh mé liom féin thú i gcleamhnas go brách;

Snaidhmfidh mé liom féin thú

le ceart agus le cóir,

le buanghrá agus le cineáltacht.

²² Snaidhmfidh mé liom féin thú le dílse,

agus beidh aithne agat ar an Tiarna.

²³ An lá sin – an Tiarna a labhraíonn –

éistfidh mise le guí na spéartha

agus éistfidh siadsan leis an talamh;

²⁴ éistfidh an talamh

leis an arbhar agus an úrfhíon agus an ola nua,

agus éistfidh siad sin le hIzréil.

²⁵ Cuirfidh mé dom féin é ina shíol sa tír;

beidh grá agam arís do Neamh-Mhuirneach;

déarfaidh mé le Coimhthíoch: “A phobal liom”,

agus déarfaidh seisean liom: “Is tú mo Dhia.”

Buaine Ghrá an Tiarna

3 “Imigh leat arís,” arsa an Tiarna liom, “tabhair grá do bhanadhaltrach a ghránn fear eile, faoi mar a thugann an Tiarna grá do chlann Iosrael, cé go n-iompaíonn siad chun



déithe eile agus go bhfuil dúil acu i gcístí rísíní.”² Cheannaigh mé dom féin í mar sin ar chúig sheicil déag airgid agus ómar go leith eorna.³ Dúirt mé léi ansin: “Beidh ort lonnú liom go ciúin go ceann mórán laethanta eile gan aon striapachas a dhéanamh agus gan tú a bheith ag aon fhear eile agus gan aon chaidreamh agamsa leat ach oiread.”

⁴Mar ar feadh mórán laethanta fágfar clann Iosrael gan rí, gan flaith, gan íobairt, gan liagán, gan éafód, gan íola tí.⁵ Ach ina dhiaidh sin lorgfaidh clann Iosrael an Tiarna, a nDia, (agus Dáiví, a rí,) agus brostóidh siad agus a gcroí ag preabadh chun an Tiarna agus a mhaitheasaí (sna laethanta deiridh).

Coireanna Iosrael agus a Smachtú Íce

Coireanna an Phobail

4 Éistigí le briathar an Tiarna,
 a chlann Iosrael,
 mar tá an Tiarna in aighneas dlí le háitritheoirí na tíre.
 Óir níl aon dílse ná muintearas ná aithne ar Dhia sa tír,
² ach tá mallachtú agus éitheach agus feallbhású,
 agus goid agus adhaltranas á n-iomadú féin sa tír,
 agus dúnmharuithe ag baint na sál dá chéile inti.
³ Dá dheasca sin triomóidh an tír
 agus meathlóidh a gcónaíonn inti,



mar aon le beithígh an mhachaire agus éanlaith an aeir;
 agus fiú amháin éisc na farraige féin,
 rachaidh siad i léig.

Ciontacht na Cléire

- ⁴ Ach ina dhiaidh sin féin,
 ná cúisítear aon duine den choitiantacht,
 ná cuirtear iomardú air,
 óir is tusa, a shagairt, is mian liom a chúisiú.
- ⁵ Bainfead tuisle asat i lár an lae ghil,
 (tuisleoidh an fáidh mar aon leat san oíche)
 agus dítheoidh mé do mháthair.
- ⁶ Cheal eolais tá mo phobal á ndíothú.
 Ó chaith tusa uait an t-eolas,
 caithfidh mise uaim thú as mo shagartacht;
 agus ó lig tusa teagasc do Dhé i ndíchuimhne,
 ligfidh mise do chlann i ndíchuimhne chomh maith.
- ⁷ Dá líonmhaire iad is ea is mó a pheacaíonn siad i m'aghaidh;
 malartóidh mise a nglóir ar an náire.



- ⁸ Is é peaca mo phobail a chothaíonn iad,
agus is ina urchóid siúd atá mian a gcroí.
- ⁹ Caithfear leis an sagart mar a chaithfear leis an bpobal;
óir cúiteoidh mé leo a ndrochbhéasa,
agróidh mé a n-ainghníomhartha orthu.
- ¹⁰ Íosfaidh siad ach ní bheidh a ndóthain acu;
déanfaidh siad róstriapachas ach ní mhéadófar ar a líon,
mar tá siad tar éis an Tiarna a thréigean,
- ¹¹ chun a saol uile a chaitheamh le drúis.

Deasghnátha Drúisiúla Cultais

- Is é an t-úrfhíon a bheireann an chiall ó mo phobal.
- ¹² Iarrann siad comhairle ar a smut adhmaid,
agus is é an cuaille acu a thugann faisnéis dóibh;
go deimhin, is dúil sa striapachas a chuireann ar seachrán iad,
agus is de dheasca striapachais
a d'éirigh siad as bheith faoina nDia féin.
- ¹³ Ar mhullaí na sléibhte ofrálann siad íobairtí,
agus dónn siad túis ar na beanna
faoin dair agus faoin stóracas agus faoin teiribint,
mar gur taitneamhach a scáth.



Is dá dheasca sin a théann bhur n-iníonacha le striapachas,
agus a dhéanann mná céile bhur mac adhaltranas.

¹⁴ Ach ní chúiteoidh mé a striapachas le bhur n-iníonacha,
ná a gcuid adhaltranis le mná céile bhur mac;
óir déanann siad san caidreamh le striapacha ar leithligh,
agus ofrálann siadsan, na sagairt, íobairtí i gcuideachta meirdreach cultais.
Sa tslí sin tá pobal gan chiall ag brostú leo ar aghaidh ar bhealach a bhasctha.

¹⁵ Ach seachainse an mbeifeá féin ciontach, a Iosrael!
Ná himíгі go dtí Gilgeál, ná gabhaigí suas chun Béit Ávan,
ná mionnaigí dar an Tiarna beo.

¹⁶ Go deimhin, tá Iosrael chomh ceandána le bodóg stailceach!
Agus an amhlaidh go gcaithfidh an Tiarna iad a aoireacht anois
mar uain i bhfásach féir?

¹⁷ Comhpháirtí íol is ea Eafraím.

¹⁸ Síneann siad fúthu le hais pótairí.
Níl teorainn lena gcuid striapachais,
ach andúil dhoshásaithe acu sa drabhlás dínáireach.

¹⁹ Scuabfaidh an ghaoth léi iad ina sciatháin,
agus náireofar iad de bharr a n-altóirí.



Ciontacht na bhFlaith agus an Rí

5 Tugaigí aird air seo, a shagarta!

Éistigí, a theaghlaigh Iosrael!

A theaghlaigh an rí, cuirigí cluas oraibh!

Óir is é bhur gcúramsa an ceart a chosaint.

Ach dol ba ea sibh i Miozpá,

agus líon leata ar Thábór,

² agus tá poll domhain tochailte acu i Sitím.

Is mise áfach an té a smachtóidh iad go léir.

³ Is aithnid dom Eafráim,

níl Iosrael folaithe uaim;

ach faoi láthair tá Eafráim ina striapach,

agus Iosrael truailithe.

⁴ Ní ligeann a ngníomhartha dóibh filleadh ar a nDia,

óir tá dúil a gcroí acu sa striapachas,

agus ní aithnid dóibh an Tiarna.

⁵ Beidh díomas Iosrael mar fhinné ina coinne;

bainfidh a cuid urchóide barrthuisle as Eafráim

agus tuisleoidh Iúdá mar aon leo.

⁶ Lena dtréada caorach agus bó rachaidh siad ar thóir an Tiarna,

ach ní bhfaighidh siad é;



is amhlaidh atá sé imithe uathu.

⁷ Mar tá siad tar éis feall a dhéanamh ar an Tiarna agus clann bhastard a bhreith.

Bíodh acu! Tá [creachadóir] ar tí iad féin agus a gcuid talún a scriosadh.

Cogadh na mBráithre

⁸ Séidigí an stoc i nGibeá,
an buabhall i Rámá!
Tógaigí gártha rabhaidh i mBéit Ávan.
Músclaigí Biniáimin!

⁹ Beidh Eafráim ina fásach lá an smachtaithe.
I measc treibheanna Iosrael fógraím fírinne
a bhfuilim cinnte dearfa di.

¹⁰ Lucht aistrithe teorainneacha is ea flatha Iúdá;
ligfidh mé mo racht amach orthu mar dhíle báistí.

¹¹ Déantar éagóir ar Eafráim, satlaítear ar an gceart,
óir níor mhiste leis dul ar thóir na graostachta.

¹² Is angadh mise d'Eafráim,
agus críonlobhadh do theaghlach Iúdá.



- ¹³ Nuair a bhraith Eafráim a tinneas
 agus Iúdá a chneá,
 d'imigh Eafráim chun na hAsáire
 agus chuir Iúdá fios ar an [Ardrí];
 ach ní féidir leis-sean sibhse a leigheas
 ná bhur gcneá a chneasú.
- ¹⁴ Óir amhail leon a bheidh mise d'Eafráim,
 agus mar liopard do theaghlach Iúdá.
 Is mise, is ea, mise a stróicfidh sula a n-imeoidh mé;
 ardóidh mé liom mo chreach agus ní sciobfar uaim í.
- ¹⁵ Fillfidh mé ar ais arís ar mo láthair féin,
 nó go n-admhóidh siad a gcionta
 agus go dtiocfaidh siad ar mo lorg.
 Nuair a bheidh siad i gcruachás,
 cuardóidh siad mé go dúthrachtach, [á rá:]

Aithrí Toirní

6 “Téanaigí, fillimis ar an Tiarna.
 Eisean a stróic sinn, eisean a leigheasfaidh sinn;
 Eisean a thug léasadh dúinn ach cneasóidh sé ár gcneácha.



- ² Cuirfidh sé anam arís ionainn i gceann dhá lá,
ar an tríú lá cuirfidh sé inár seasamh sinn arís,
ionas go mairfimid os a chomhair.
- ³ Bíodh aithne againn ar an Tiarna;
déanaimis ár ndícheall le haithne a chur air!
Beidh a thaibhsiú chomh cinnte le breacadh an lae;
tiocfaidh sé chugainn mar an bháisteach,
amhail fearthainn an earraigh a uiscíonn an tír.”
- ⁴ Cad a dhéanfaidh mé leat, a Eafráim?
Cad a dhéanfaidh mé leat, a Iúdá?
Ní buaine bhur ngrá ná néal maidine,
ná an drúcht a imíonn as radharc go luath.
- ⁵ Dá dheasca sin bím á scláradh trí bhíthin na bhfáithe
agus á marú le briathra mo bhéil.
Sa tslí seo foilsítear ceart mo bhréithe mar splanc solais.
- ⁶ Óir, is mó is mian liom buanghrá ná íobairtí;
agus aithne a bheith agaibh ar Dhia,
is fearr liom é sin ná ofrálacha lándóite.



Mídhílse Iosrael

⁷ Briseann siadsan an conradh ag Adám;
san áit sin feallann siad orm.

⁸ Cathair lucht míghníomha is ea Gileád,
agus tá rian na fola uirthi.

⁹ Amhail ropairí a dhéanann luíochán,
bíonn slua sagart ag déanamh áir ar an mbóthar go Seicim;
gan bhréag ar bith, is ainspíanta a ngníomhartha!

¹⁰ I dteach Iosrael feicim rud uafásach;
mar is ansin a dhéanann Eafráim striapachas,
agus a thruaillítear Iosrael.

¹¹ (Beidh fómhar le baint agatsa freisin, a Iúdá,
nuair a chuirfidh mé an rath ar mo phobal arís.)

7 Cibé uair is mian liom Iosrael a leigheas,
nochtar urchóid Eafráim agus olcas na Samáire.
Óir is í an chaimiléireacht a chleachtann siad;
bíonn an gadaí ag briseadh isteach sna tithe,
agus ropairí ag tabhairt ruaigeanna creiche lasmuigh.

² Ní mheabhraíonn siad dóibh féin
go gcoinním cuimhne ar a n-olcas uile;



ach tá a n-ainghníomhartha á gciorclú;
ar m'aghaidh féin amach atá siad.

Cealgairéacht na Rímharfóirí

- ³ Le teann mioscaise déanann siad sult don rí
agus as corp camastaíola bíonn siad ag spraoi leis na flatha freisin.
- ⁴ Adhaltraigh iad uile, sorn lán tine,
nach ngríosaíonn an báicéir a thuilleadh,
ó fuintear an taos go dtí go n-ardaíonn sé.
- ⁵ Ar bhreithlá ár rí buaileann breoiteacht na flatha le boirbe an fhíona
agus craitheann seisean lámh le scigirí.
- ⁶ Nuair a bhíonn comhcheilg ar siúl acu,
bíonn a gcroí cosúil le sorn;
mar bíonn a gcuid feirge ag cnádú léi ar feadh na hoíche go léir,
ach ar maidin bladhmán sí amach ina caoiríl thine.
- ⁷ Tá siad go léir ar lasadh amhail sorn;
tá a rialtóirí á n-ídiú acu agus a ríthe uile ar lár;
agus níl duine díobh a ghlaonn ormsa.

Drochpholaitíocht Iosrael

- ⁸ Tá Eafraím ag déanamh caidrimh leis na náisiúin;
is cosúil le císte nár iompaíodh é.



- ⁹ Tá na heachtrannaigh ag ídiú a nirt
agus ní bhraitheann sé dada!
Is ag dul i léithe atá a chuid gruaige
agus ní heol dó é!
- ¹⁰ Tá díomas Iosrael ag tabhairt fianaise ina aghaidh;
agus ar a shon sin agus uile
níl siad ag filleadh ar an Tiarna, a nDia, ná ní lorgann siad é.
- ¹¹ Colm baoth gan chiall is ea Eafráim;
bíonn siad ag glaoch ar an Éigipt,
agus is ar an Asaír a bhíonn a dtriall.
- ¹² Ach cibé áit a n-eitleoidh siad, leathfaidh mé orthu mo líon,
agus leagfaidh mé iad amhail éanlaith an aeir,
agus smachtóidh mé iad de réir líon a n-urchóidí.

Míbhuíochas Iosrael

- ¹³ Mairg dóibh, mar tá siad ar teitheadh uaim!
Léirscrios orthu, óir d'éirigh siad amach i m'aghaidh!
– Níorbh fhearr liom rud ná iad a fhuascailt,
ach siúd ag bréagadóireacht iad i m'aghaidh!
- ¹⁴ Ní éann siad ormsa óna gcroí amach,
nuair a bhíonn siad ag liúireach ar a leapacha;



gearrann siad iad féin ar son arbhair agus úrfhíona,
ach bíonn siad easumhal domsa.

¹⁵ Neartaigh mise a ngéaga,
ach is ag beartú oilc i mo choinne a bhíonn siad.

¹⁶ Téann siad i muinín [rud gan mhaith];
is cuma nó bogha scaoilte iad.
Bás de rinn a gheobhaidh a bhflatha
mar gheall ar shotal a gcuid cainte;
agus beidh siad ina gceap magaidh i dtír na hÉigipte dá bharr.

Naimhde an Chonartha

8 Séid an stoc!

Tá léirscrios, amhail badhbh, ag bagairt ar theaghlach an Tiarna.

Mar bhris siad an Conradh a rinne mé leo,
agus níor ghéill siad do mo dhlí.

² Éann siad orm: “A Dhia liom”;
ach is aithnid dúinne thú, a Iosrael.

³ Tá Iosrael tar éis diúltú don Mhaith;
rachaidh an namhaid sa tóir air.

⁴ Rinne siad ríthe gan bhail gan bhuíochas dom;
cheap siad taoisigh gan mo chead ná mo chomhairle.



Dhealbhaigh siad íola dóibh féin dá gcuid airgid agus óir,
agus dá dheasca sin scriosfar iad.

⁵ Diúltaím don lao sin leat, a Shamáir!

Tá mo chuid feirge ar dearglasadh ina gcoinne –

Cá fhad eile a bheidh an neamhchiontacht thar a n-acmhainn?

⁶ Cad is ceart d'Iosrael a dhéanamh leis?

Saor a rinne é; ní dia é.

Go deimhin, imeoidh lao na Samáire in aon bhladhm amháin lasrach.

⁷ Gaoth a síol, gála a bhfómhar!

Ní rachaidh an geamhar i ndias dóibh,

ná ní thabharfaidh sé plúr;

agus má thugann féin is eachtrannaigh a íosfaidh é.

⁸ Tá Iosrael féin slogtha siar!

Siúd i measc na náisiún iad anois

amhail soitheach gan mhaith.

⁹ Óir ghabh siad suas chun na hAsáire.

Maireann an onagair ina haonar léi féin,

ach siúd Eafráim agus í ag fostú leannán!

¹⁰ Ach fiú má fhostaíonn siad iad i measc na náisiún,

cruinneoidh mise iad ar ball beag,

agus is gairid go mbeidh siad ag lúbarnach

faoi ualach Rí na bhflatha.



- ¹¹ Thóg Eafraim a lán altóirí sásaimh;
ach is trúig pheaca dó na haltóirí sin anois.
- ¹² Fiú dá scríobhfainn síos dó na mílte míle de m'aitheanta,
mheasfaí mar rud iasachta iad.
- ¹³ Tá andúil acu in íobairtí fola;
Ofrálann siad iad chun go mbeadh an fheoil le hithe acu!
Go deimhin, ní taitneamhach leis an Tiarna iad.
As seo amach coinneoidh sé cuimhne ar a n-urchóid,
agus cúiteoidh sé a bpeacaí leo;
rachaidh siad ar ais chun na hÉigipte.
- ¹⁴ (Tá Iosrael tar éis a Chruthaitheoir a dhearmad
agus pálás a thógáil.
Thóg Iúdá a lán cathracha daingne chomh maith.
Ach cuirfidh mise tine lena chathracha
agus loiscfidh sí a pháláis.)

Díbir t agus Bás ar an gCoigríoch

9 Ná déan gairdeachas, a Iosrael,
le teann lúcháire ar nós na náisiún!
Óir chuaigh tú le striapachas ó do Dhia,
agus ar gach urlár buailte arbhair is i dtuarastal striapachais a bhí do dhúil.



² Ach ní chothóidh urlár buailte ná cantaoir iad feasta,
agus rachaidh dá n-úrfhíon.

³ Ní bheidh cónaí orthu níos mó i dtír an Tiarna,
mar rachaidh Eafráim ar ais chun na hÉigipte
agus íosfaidh siad bia neamhghlan san Asaír.

⁴ Go brách arís ní dhoirtfidh siad fíon le hurraim don Tiarna,
ná ní ofrálfaidh siad íobairtí dó.

Ní bheidh acu ach mar a bheadh arán dobróin,
agus an uile dhuine a íosfaidh é beidh sé neamhghlan.
(Óir ní bheidh ach a gothú féin amháin ina gcuid aráin;
blúire de ní ofrálfar i dteach an Tiarna.)

⁵ Cad a dhéanfaidh sibh ar lá an tsollúntais,
ar lá fhéile an Tiarna?

⁶ Mar, féach, teithfidh siad leo ón léirscrios;
cruinneoidh an Éigipt iad,
agus tabharfaidh Meimfís adhlacadh dóibh.
Beidh neantóga ina n-oidhrí ar a n-earraí luachmhara airgid,
agus glacfaidh sceacha seilbh ar a scrínte.

Géarleanúint ar an bhFáidh

⁷ Tá laethanta an smachtaithe ag teacht,
seo chugainn laethanta an chúitimh.



Go raibh a fhios sin ag Iosrael!

“Amadán is ea an fáidh”, a deir siad,
 “is ag rámhaille a bhíonn fear an spioraid.”
 Cinnte, ach is de dheasca bhur n-urchóide,
 agus bhur bhfuatha dom é.

⁸ Tá faireoir Eafraím i bhfochair mo Dhé
 – is é an fáidh é.

Tá líonta foghlaera leata ar a loirg uile,
 agus i dteach a Dhé déantar géarleanúint air.

⁹ Tá poll domhain tochailte acu dó,
 faoi mar a rinneadh i nGibeá lá dá raibh.
 Ach coinneoidh an Tiarna cuimhne ar a n-urchóid,
 agus cúiteoidh sé leo a bpeacaí.

Fréamh an Oilc Seanpheacaí Iosrael

Peaca ag Bál Peór

¹⁰ Mar chaora fíniúna san fhásach,
 is ea a tháinig mé ar Iosrael;
 mar chéadtoradh an chrainn fígí (i dtús an tséasúir),
 is ea a leag mé súil ar bhur sinsear.



Ach chomh luath agus a shroich siad Bál Peór,
 choisric siad iad féin don Náire,
 agus níor lú an t-ábhar déistine dom iad
 ná na nithe dár thug siad gear.

¹¹ Tá acmhainn Eafraím ag eitilt uaithi mar éan,
 agus beidh sí gan bhreith, gan bhroinn, gan ghin.

¹² Go fiú má éiríonn leo a gclann a thógáil,
 bainfidh mise díobh iad roimh dóibh teacht in inmhe fir.
 Mairg dóibh go deimhin má thréigimse iad!

¹³ Mar a fheictear domsa é,
 Tuír eile is ea Eafraím
 atá curtha in áit ghlas fhéarmhar
 ach beidh uirthi a clann a ligean uaithi le marfóir.

¹⁴ Tabhair dóibh, a Thiarna, cibé rud is mian leat;
 tabhair dóibh broinnte a bhéarfaidh go hanabaí agus cíocha seasca.

Peacaí i nGilgeál

¹⁵ Nochtar a n-olcas uile i nGilgeál.
 Go deimhin, is ann a líon mé dá bhfuath.
 De dheasca a ndrochghníomhartha díbreoidh mé as mo theach iad,
 agus ní bheidh grá agam dóibh níos mó.



Ceannaircigh is ea a bhflatha uile.

¹⁶Tá Eafraím sleabhctha agus a bhfréamh seargtha;
ní thabharfaidh siad toradh uathu go deo arís.
Fiú má éiríonn leo clann a bhreith,
maróidh mise toradh muirneach a mbroinne.

¹⁷Caithfidh mo Dhia uaidh iad,
toisc gur dhiúltaigh siad éisteacht leis,
agus imeoidh siad ar fán i measc na náisiún.

Deireadh leis an gCultas Torthúlachta

10Fíniúin bhláfar a thugadh flúirse torthaí uaidh, ba ea Iosrael;
Ach dá líonmhaire a thorthaí,
b'amhlaidh ba líonmhaire a altóirí;
agus dá shaibhre a chuid talún,
b'amhlaidh ba mhaisiúla na liagáin a thóg sé.

²Croí dúbailte atá acu,
ach tá siad ar tí a smachtaithe anois.
Brisfidh an Tiarna a n-altóirí,
agus scriosfaidh sé a liagáin.



³ Go deimhin déarfaidh siad ansin:

“Níl aon rí againn

(mar ní eagal linn an Tiarna).”

Ach cad d’fhéadfadh rí a dhéanamh ar ár son?

⁴ Focail ar mhuintir! mionnaí éithigh! conarthaí!

agus is cuma riaradh an chirt acu nó an luifearnach nimhe

a bhíonn ag borradh i gclaiseanna na ngort!

⁵ Tá eagla a n-anama ar mhuintir na Samáire

mar gheall ar lao Bhéit Ávan.

Gan amhras beidh a phobal ag mairgneach faoi,

agus a chuid sagart ag rince ina thimpeall,

mar go bhfuil a ghlóir imithe uaidh.

⁶ Tabharfar chun na hAsáire é féin go cinnte,

mar cháin [don Ardrí].

Náireofar Eafraím, bainfear lasadh as Iosrael,

de dheasca na drochchomhairle a lean sé.

⁷ Díothófar an tSamáir agus a rí,

agus ní bheidh inti ach mar a bheadh slis ar bharr toinne.

⁸ Scríosfar na scrínte cnoc urchóideacha,

mar a bpeacaíonn Iosrael,

agus fásfaidh driseacha agus feochadáin ar a n-altóirí.



Déarfaidh siad ansin leis na sléibhte: “Folaigí sinn”,
agus leis na cnoic: “Titigí orainn.”

Smachtú Iosrael

- ⁹ Ó aimsir Ghibeá amach ní raibh Iosrael saor ó pheaca;
níor éirigh siad as riamh!
Nach i nGibeá a bhéarfaidh an cogadh orthu mar sin?
- ¹⁰ Tiocfaidh mé i gcoinne na gcladhairí
chun iad a smachtú.
Cruinneoidh mé na náisiúin ina n-aghaidh
chun cimid a dhéanamh díobh
in éiric an dá choir a rinne siad.

Budóg Mhealltach ba ea Eafráim

- ¹¹ Budóg dhea-riata ba ea Eafráim,
ar bhreá léi bheith ag bualadh arbhair;
mise a chuir cuing ar a muineál álainn.
Is ea, ghléas mé Eafráim chun treafa,
agus Iacób chun fuirste.



¹² Cuirigí síolta an ionracais daoibh féin;
 bainigí fómhar an bhuanghrá;
 brisigí bhur bhfearann branair,
 óir is mithid daoibh an Tiarna a lorg
 nó go dtiocfaidh sé chun an fhíríantacht a shileadh oraibh.

¹³ Shaothraigh sibh an t-olc;
 ba í an chlaidhreach bhur bhfómhar,
 agus d'ith sibh toradh an éithigh.

Tubaiste Dhosheachanta ag Bagair t

Ó tá muinín agat as do chumhacht féin
 agus as oll-líon do laochra,

¹⁴ éireoidh gleo an chogaidh i measc do mhuintire,
 agus scriosfar do dhúnta uile,
 mar a scrios Sealman Béit Arabael lá an chatha,
 nuair a rinneadh smidiríní den mháthair agus dá clann.

¹⁵ Tarraingeoidh Béit Éil an íde chéanna oraibhse,
 in éiric bhur mioscaise gan teorainn.
 Le lonradh lae léirscriosfar rí Iosrael.



Grá an Tiarna níos Láidre ná a Fhearg

- 1** Nuair a bhí Iosrael ina naíonán, bhí grá agam dó,
agus ghlaoigh mé mo mhac as an Éigipt.
- ² Ach dá mhéad dá nglaoití orthu,
is amhlaidh is faide a d'éalaídís [uaim];
d'ofrálaidís íobairtí do na Bálaím,
agus dhóidís túis i láthair íol.
- ³ Ach ina dhiaidh sin féin is mise a mhúin siúl d'Eafráim;
thógainn suas i mo bhaclainn iad,
ach níor aithin siad gur mise a bhí ag tabhairt aire dóibh.
- ⁴ Bhínn á dtarraingt chugam féin le srianta daonna,
le téada grá chun iad a mhuirniú,
mar a dhéanfadh duine a d'ardódh naíonán chun a leicinn;
agus chromainn síos chucu chun rud le hithe a thabhairt dóibh.
- ⁵ Ach rachaidh siad ar ais go dtí críocha na hÉigipte,
agus beidh an Asaír ina rí orthu
de bhrí gur dhiúltaigh siad filleadh ormsa.
- ⁶ Réabfaidh an claíomh roimhe trína gcathracha;
scriosfaidh sé a gcuid scaothairí,
agus díisceoidh sé iad mar gheall ar a ndroch-chomhairle.
- ⁷ Tá claonadh i mo phobal chun iompú uaim;



[nuair a ghlaotar orthu] éirí in airde,
níl duine díobh a dhíríonn aniar.

⁸ Cad é mar a thabharfainn suas thú, a Eafráim!

Cad é mar a thréigfinn thú, a Iosrael!

Nach beag a thabharfadh orm íde Admá a imirt ort,
agus tú a dhéanamh cosúil le Zabóim!

Ach ní bhfaighinn ó mo chroí a dhéanamh,
mar gur ghabh trua duit mé.

⁹ Ní ligfidh mé amach ort mo racht feirge;

ní scriosfaidh mé Eafráim go deo,
óir ní duine mé ach Dia.

In bhur measc is mé an Té is naofa,
agus ní thiochfaidh mé chugaibh le teann feirge.

¹⁰ Gluaisfidh siad i ndiaidh an Tiarna.

Búirfidh seisean mar leon,

agus nuair a bhúirfidh, rithfidh a chlann mhac chuige ón iarthar
agus a gcroí ag preabadh.

¹¹ Tiochfaidh siad ón Éigipt mar ealta éan,

agus ó chríocha na hAsáire mar scata colm,
agus treoróidh mé abhaile iad chun a dtithe féin
– an Tiarna a labhraíonn.



Cultas Bréige agus Drochpholaitíocht

1² Tá Eafraím do mo thimpeallú le camastaíl,
agus teaghlach Iosrael do mo sháinniú le cluanaireacht.

(Ach gluaiseann Iúdá in éineacht le Dia fós
agus fanann sí dílis don Té is Naofa.)

² Bíonn Eafraím ag aoireacht na gaoithe,
agus ag rith gan stad ar thóir an ghála anoir.

Is ag dul i méad atá a chaimiléireacht agus a bhaois:
déantar conradh leis an Asaír,
agus beirtear cáin ola don Éigipt.

In Éadan Iacóib agus Iosrael

³ Tá cúis dlí ar bun ag an Tiarna in aghaidh Iosrael.
Cúiteoidh sé a dhrochbhéasa le Iacób,
agus agróidh sé air a ainghníomhartha.

⁴ Sa bhroinn féin bhuail sé bob ar a dheartháir,
agus in inmhe fir dó chuaigh sé i ngleic le Dia.

⁵ (Chuaigh sé ag coraíocht le haingeal agus bhuaigh sé air.)
Ghoil sé agus d'agair sé trócaire air.

Thaibhsigh an Tiarna dó i mBéit Éil agus labhair sé leis ansin.

⁶ (Is é an Tiarna, sea an Tiarna, Dia na Slua, a ainm!)



⁷ Le cuidiú do Dhé, beidh tú in ann filleadh leat abhaile;
 ach caomhnaigh an buanhrá agus an ceart,
 agus bíodh muinín agat as do Dhia de shíor.

⁸ Bíonn meá mhealltach ina láimh aici, ag an gCanán;
 is breá léi éagóir a dhéanamh.

⁹ “Ach ina dhiaidh sin féin,” arsa Eafraím,
 “d’éirigh mé saibhir agus tá stór cruinnithe agam,
 agus d’ainneoin mo mhaoine uile ní bhfuarthas aon urchóid ionam,
 a bhféadfaí coir a thabhairt air.”

¹⁰ Is mise an Tiarna, do Dhia, ón uair a threoraigh mé thú
 as críocha na hÉigipte,
 ach tabharfaidh mé ort cónaí arís i mbothanna
 faoi mar a rinne tú nuair a theagmhaíomar le chéile tráth.

¹¹ Labhróidh mé leis na fáithe,
 agus tabharfaidh mé a lán físeanna dóibh;
 trí bhíthin na bhfáithe labhróidh mé parabail.

¹² Gileád! is í an urchóid í!
 níl iontu ach calaois!
 I nGilgeál ofrálann siad íobairtí do thairbh!
 Dá bhrí sin beidh a n-altóirí cosúil le cairn chloch
 i gclaiseanna na ngort.



- ¹³ Theith Iacób go dtí críocha Arám;
bhí Iosrael ina sheirbhíseach ann ar son mná amháin,
agus ar son mná eile bhí sé ina aoire caorach.
- ¹⁴ Ach le cuidiú fáidh thug an Tiarna Iosrael aníos ón Éigipt,
agus ba le cuidiú fáidh a caomhnaíodh é.
- ¹⁵ Chuir Eafráim le fearg ghéar ghoirt é áfach.
Dá dheasca sin ligfidh a Thiarna dá fheallbhearta fola filleadh air,
agus tabharfaidh sé tomhas a láimhe féin dó
in éiric na maslaí a thug sé dó.

Díol far as an Íoladhradh

- 13** Nuair a labhraíodh Eafráim, thagadh creathnú ar dhaoine:
óir ba cheannasach in Iosrael é.
Ach fuarthas ciontach é mar gheall ar Bhál
agus tá sé ag fáil bháis.
- ² Peacaíonn siad anois níos mó ná riamh;
déanann siad dealbha teilgthe dóibh féin,
íola a mhúnlaítear go cliste as a gcuid airgid,
ach nach bhfuil iontu uile ach déantús ceardaithe.
“Ofrálaigí íobairtí dóibh seo,” deir siad;
agus pógtar laonna!



³ Dá dheasca sin beidh siad cosúil le néal maidine,
 nó leis an drúcht a imíonn as radharc go luath,
 nó leis an gcáith a shéidtear chun siúil ó urlár buailte,
 nó le púir dheataigh a shíobtar an fhuinneog amach.

Díolfar as Míbhuíochas

⁴ Is mise an Tiarna, do Dhia, ón uair a threoraigh mé thú as críocha na hÉigipte.
 Ní aithnid duit aon Dia eile ach mé,
 ná níl aon slánaitheoir eile ann ach mé.

⁵ Is mise a rinne aoireacht ort san fhásach,
 i ndúiche an triomaigh mhóir.

⁶ Bheathaigh mé iad agus fuair siad a sáith,
 ach nuair a bhí siad sách, tháinig éirí in airde ar a gcroí,
 agus mar sin de rinne siad dearmad díomsa.

⁷ Chaith mé leo mar a dhéanfadh leon;
 amhail liopard bhí mé ag faire orthu le hais an bhóthair.

⁸ Thug mé fogha fúthu amhail beithir ar baineadh uaithi a coileáin,
 agus réab mé cochall a gcroí;
 rinne madraí craos orthu ansin,
 agus stróic ainmhithe allta as a chéile iad.



- ⁹ Táim ar tí tú a scríosadh, a Iosrael!
Cé a thiocfaidh i gcabhair ort?
- ¹⁰ Cá bhfuil do rí anois
chun tú féin agus do chathracha uile a shábháil?
Cá bhfuil do rialtóirí,
iad siúd a ndúirt tú fúthu: “Tabhair dom rí agus flatha”?
- ¹¹ Thug mé rí duit le teann feirge,
ach le racht cuthaigh bainim uait é arís.

Dísciú Eafraím

- ¹² Tá urchóid Eafraím á coinneáil faoi chumhdach,
agus tá a peaca curtha i dtaisce.
- ¹³ Tá tinneas clainne ag tosú di,
ach is páiste díchéillí í;
mar cé go bhfuil ionú a breithe ann,
ní thagann sí go béal na broinne.
- ¹⁴ Fuascloidh mé ó chumhacht Sheól iad;
Sábhálfaidh mé iad ón mBás.
Cá bhfuil do ghathanna, a Bháis?
Cá bhfuil do chealg, a Sheól?
Ceilfear uirthi áfach an trua atá agam di.



¹⁵ Cé gur fhás sí suas go borb i measc a muintire,
 tiocfaidh an ghaoth anoir uirthi,
 gaoth an Tiarna a éireoidh ón bhfásach;
 agus triomófar a foinse agus rachaidh a tobar i ndísc.
 (Creachfaidh sí a chuid maoinne agus a earraí luachmhara uile.)

14 Sciosfar an tSamáir,
 mar bhí sí easumhal dá Dia.
 Bás le faobhar a imreofar orthu;
 déanfar smidiríní dá leanaí,
 agus réabfar a mná torracha.

Maithiúnas agus Rath i nDíol ar Fhíoraithrí

² Fill, a Iosrael, ar an Tiarna, do Dhia,
 óir baineadh tuisle asat de dheasca do chuid urchóide.

³ Bíodh riar bhur gcáis de bhriathra agaibh,
 agus filligí ar an Tiarna agus abraigí leis:
 Maith dúinn ár gcionta uile,
 le go bhfaighimid uait rud is fóna,
 i ndíol ar na briathra a chanaimid duit.



⁴ Ní lorgóimid cúnamh ón Asaír,
ná ní rachaimid i muinín eachra;
go deo arís ní chanfaimid: “A Dhia linn” do dhéantús ár lámh;
(óir is tú a ghlacann trua don dílleachta).

⁵ Leigheasfaidh mé a mídhílseacht,
tabharfaidh mé grá dóibh go fonnmhar,
mar ní díol feirge liom iad níos mó.

⁶ Silfidh mé ar Iosrael mar an drúcht.
Bláthóidh sí ar nós na lile,
agus cuirfidh sí uaithi a fréamhacha
mar a dhéanann an stórac.

⁷ Caithreoidh a géagáin;
áilleacht na holóige agus cumhracht an stóraics
a dháilfear uirthi.

⁸ Lonnóidh siad faoi mo scáth arís;
saothróidh siad arbhar,
agus beidh fíniúna ag fás acu,
a mbeidh cáil orthu mar atá ar fhíon na Liobáine.

⁹ Cad ab áil le hEafráim d’íola feasta?
Is mise a thugann éisteacht dó,
agus a bheidh ag faire air.



Táimse cosúil le crann úrghlas cufróige;
más torthúil thusa, tá a bhuíochas sin ormsa.

Comhairle don Léitheoir

¹⁰ Tuigeadh an t-eagnaí na briathra sin:
bíodh grinneolas ag an saoi orthu.
Óir is díreach iad bealaí an Tiarna
agus gluaiseann na fíréin dá réir,
ach bíonn siad ina gceap tuisle do lucht na heasumhlaíochta.

